2024.M50T

2024L067A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Ceol

## Cumadóireacht

## Ardleibhéal

Déardaoin 20 Meitheamh    Tráthnóna 3:15 - 4:45

100 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **dhá** roinn ar an scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn **A** | Cumadóireacht séise | 40 marc | 3 cheist |
| Roinn **B** | Armóin | 60 marc | 3 cheist |

- Freagair mar seo a leanas:

  ◦ ceist amháin as Roinn **A** – Cumadóireacht Séise

  **agus**

  ◦ ceist amháin as Roinn **B** – Armóin

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.

- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scriobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Cumadóireacht Séise | 40 marc |
|---|---|---|

Ná freagair ach ceist **amháin** sa roinn seo:

**Ceist 1** Leanúint d'oscailt a thugtar (40 marc)

**nó**

**Ceist 2** Ceol a chur le téacs a thugtar (40 marc)

**nó**

**Ceist 3** Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar (40 marc)

**Ceist 1** **(40 marc)**

**Leanúint d'oscailt a thugtar**

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ cláirinéad

☐ veidhlín

☐ óbó

☐ corn Francach

**Sracobair**


Moderato
1
2
3
4
mf

**Ceist 2** **(40 marc)**

**Ceol a chur le téacs a thugtar**

Seo a leanas sliocht as an dán *An Samhradh ag Filleadh go hÉirinn* le Pádraig Ó Miléadha.

Tá taibhse tagtha ar choillte cheana,
Na crainn ag breacadh go néata;
Na héin ag labhairt ar ghéaga glasa,
Le faobhar ag freagairt a chéile;

Cuireadh ceol leis an gcéad líne duit.

- Cuir ceol leis na focail eile chun séis 16 bharra a dhéanamh.
  (Tá cead agat níos mó ná an líon barraí seo a bheith ann agus bíodh modhnú san áireamh agat, más mian leat.)
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.

**Sracobair**


Andante
mp
1
2
3
4
Tá___ taibh - se___ tag - tha ar___ choill - te
chea - na,

**Ceist 3** **(40 marc)**

**Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar**

Tugtar mír oscailte válsa thíos.

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Úsáid an fhoirm $AA^1BB^1$.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ óbó

☐ trumpa

☐ cláirinéad

☐ veidhlín

**Sracobair**


Moderato
1
2
3
4
mf

Ná scríobh ar an leathanach seo

| Roinn B | Armóin | 60 marc |
|---|---|---|

Ná freagair ach ceist **amháin** sa roinn seo:


| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 4** | Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 5** | Dordnótaí agus comharthaí corda a chumadh d'fhonn a thugtar | (60 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 6** | Cuntra-shéis nó forshéis agus taca cordúil a chur le fonn a thugtar | (60 marc) |

**Ceist 4** **(60 marc)**


**Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí**

**Réamhobair**: Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mionghléas F♯, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | C♯<br>A<br>F♯ | D<br>B<br>G♯ | E♯<br>C♯<br>A | | | | B<br>G♯<br>E♯ |
| Siombail an chorda | F♯m | G♯° | A⁺ | | | | E♯° |
| An uimhir Rómhánach | i | ii° | III⁺ | iv | V | VI | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Agus úsáid á baint agat as na cordaí a thaispeántar, cum nótaí séise agus dordnótaí chun an dréacht a chríochnú sa stíl a thugtar.





Bm Bm/D C♯ C♯7/E♯ F♯m D
5 6 7
C♯ F♯m F♯m/A Bm F♯m
8 9 10
C♯ C♯7 D Bm
11 12 13
F♯m F♯m/A G♯º/B C♯ F♯m
14 15 16

**Ceist 5** **(60 marc)**


**Dordnótaí agus comharthaí corda a chumadh d’fhonn a thugtar**

**Réamhobair**: Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mionghléas B, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | F♯<br>D<br>B | G<br>E<br>C♯ | A♯<br>F♯<br>D | | | | E<br>C♯<br>A♯ |
| Siombail an chorda | Bm | C♯° | D+ | | | | A♯° |
| An uimhir Rómhánach | i | ii° | III+ | iv | V | VI | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha i stíl na hoscailte a thugtar.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.





5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15
16

**Ceist 6** **(60 marc)**


**Cuntra-shéis nó forshéis agus taca cordúil a chur le fonn a thugtar**

**Réamhobair:** Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mionghléas G, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | D<br>B♭<br>G | E♭<br>C<br>A | F♯<br>D<br>B♭ | | | | C<br>A<br>F♯ |
| Siombail an chorda | Gm | A° | B♭⁺ | | | | F♯° |
| An uimhir Rómhánach | i | ii° | III⁺ | iv | V | VI | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Cuir isteach comharthaí corda oiriúnacha sna boscaí atá ann dóibh.
- Lean le páirt na forshéise sa stíl a thugtar chun an dréacht a chríochnú.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.




5
6
7
8
9
10
11
12
13
14
15
16

**Obair bhreise**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ceol Cumadóireacht

Déardaoin 20 Meitheamh

Tráthnóna 3:15 - 4:45

2024. M53T

2024L067A5IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2024

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
# ÉISTEACHT – ÁBHAR ROGHNACH (100 marc)
# DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 5:00–5:45

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1–4 | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM. | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

- Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- Baileoidh an Feitheoir do thaifeadadh fuaime réamhullmhaithe don ábhar roghnach seo.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Freagair gach ceist.**

1. Luaigh an teideal ar do thopaic Roghnach Éisteachta.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. Liostaigh trí cinn de na foinsí a d'úsáid tú nuair a bhí staidéar á dhéanamh agat ar an topaic seo. Tá sonraí iomlána do chuid foinsí uile riachtanach. Má tá an t-idirlíon ar cheann de na foinsí agat, tabhair seoladh iomlán an tsuímh ghréasáin a d'úsáid tú le linn do thaighde.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. Ainmnigh cúig phíosa ceoil, chomh maith leis an gcumadóir nó leis an gceoltóir, a ndearna tú staidéar orthu mar chuid den ábhar roghnach seo agus atá ar an taifeadadh fuaime agat.

| Píosa | Cumadóir nó Ceoltóir |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |

4.(a) Sainaithin trí ghné shuntasacha ceoil den topaic atá roghnaithe agat.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(b) Tabhair cuntas ar do thopaic roghnaithe agus déan cinnte de

- go ndéanann tú cur síos ar na trí ghné cheoil atá sainaitheanta thuas agat
- go dtaispeánann tú conas atá na trí ghné atá roghnaithe agat, agus gnéithe ceoil eile, i láthair sa cheol a bhfuil staidéar déanta agat air don ábhar roghnach seo
- go dtagraíonn tú do na sleachta ceoil uile atá ar do thaifeadadh
- go gcuireann tú san áireamh an chaoi a ndeachaigh an topaic roghnaithe i bhfeidhm ort féin.

**Leathanach bán**

2024.M52T

2024L067A2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Ceol

## Éisteacht - Croíchúrsa

## Ardleibhéal

## Déardaoin 20 Meitheamh Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.


- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir é sin in iúl don fheitheoir láithreach bonn.
- Déanfar an leabhrán seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Ceithre sliocht as *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**




**(a)** Sainaithin dhá uirlis éagsúla ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

Uirlis 1:

Uirlis 2:

**(b)** Cuir isteach na hamchomharthaí atá ar iarraidh ag **X** agus **Y** ar an scór thuas.

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Sainaithin teicníc chumadóireachta amháin a úsáidtear sa sliocht seo agus déan cur síos air.

Teicníc chumadóireachta:

Cur síos:

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 2, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Sainaithin dhá dhifríocht idir an ceol i **Sliocht 2** agus an ceol i **Sliocht 3**.
Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht 1 | |
|---|---|
| Sliocht 2 | Sliocht 3 |
| | |
| | |

| Difríocht 2 | |
|---|---|
| Sliocht 2 | Sliocht 3 |
| | |
| | |

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Sainaithin trí ghné den cheol sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

| Gné 3: |
|---|
| |

**(f)** Déan cur síos ar an gceol a leanann díreach tar éis an cheoil sa sliocht seo in *Ceathairéad Pianó Uimh.1* le Gerald Barry.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Sliocht as an gCantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach, a sheinnfear trí huaire.

- Freagair na ceisteanna thíos.




**(a)** Ainmnigh dhá uirlis ar a bhfuil líne an tsopráin dúbailte sa sliocht seo.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**(b)** Sainaithin an dúnadh ag **X** ar an scór thuas.

| Freagra: |
|---|

**(c)** Tá dúnadh foirfe (lándúnadh) i ngléas nua ag **Y** ar an scór thuas. Is é an gléas sin ná:

- ☐ B♭ mór
- ☐ F mór
- ☐ D mion

**(d)** Cloistear *Tierce de Picardie* sa sliocht seo. Mínigh *Tierce de Picardie* agus tú ag tagairt don cheol sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(e)** Déan cur síos ar úsáid fhonn na córála i ngluaiseacht 1 (Cór) i gCantáid *Jesu, der du meine Seele* le J.S. Bach.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Bohemian Rhapsody* le Freddie Mercury.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire. Tá na liricí priontáilte thíos.**

| | |
|---|---|
| Líne 1 | Too late, my time has come, |
| Líne 2 | Sends shivers down my spine, body's aching all the time. |
| Líne 3 | Goodbye, everybody, I've got to go, |
| Líne 4 | Got to leave you all behind and face the truth. |
| Líne 5 | Mama, ooh, I don't want to die, |
| Líne 6 | I sometimes wish I'd never been born at all. |

**(a)** Déan cur síos ar dhá ghné den tionlacan sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Déan cur síos ar shampla den fhocaldathú a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór den sliocht priontáilte thíos.**




**(c)** Cuir isteach na ceithre nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas.

**Ceist 4** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Sainaithin an téama a chloistear sa sliocht.

| Freagra: |
|---|

**(b)** Déan cur síos ar dhá ghné den cheol a chloistear sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| |
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Sainaithin dhá cheann de na huirlisí ar a seinntear an tséis ag tús an tsleachta.

| |
|---|
| Uirlis 1: |

| |
|---|
| Uirlis 2: |

**(d)** Sainaithin gné chumadóireachta sa cheol a chloistear sa sliocht seo agus déan cur síos air mar a chloistear sa sliocht seo é.

| |
|---|
| Gné chumadóireachta: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach.** Freagair **A** agus **B**. Tabhair do d'aire go bhfuil rogha ceisteanna in **B**.

**A.** Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.**

**(a)** Sainaithin an cineál fonn damhsa sa sliocht seo. Tabhair an t-amchomhartha agus barra rithime amháin a bhaineann leis.

| **An cineál damhsa** | **An t-amchomhartha** | **Barra rithime** |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Ainmnigh dhá uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**Sliocht 2.**

**(c)** Bain úsáid as litreacha chun foirm an cheoil sa sliocht seo a scríobh síos.

| Freagra: |
|---|

**Sliocht 3.**

**(d)** Is cumasc é an sliocht seo de stíleanna éagsúla ceoil. Pléigh sin agus tú ag tagairt don cheol a chloistear sa sliocht.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**B** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) Scríobh cuntas ar stíleanna réigiúnacha i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(ii) Déan plé ar cheol grúpa/ceoltóra/cumadóra iomráitigh ina bhfuil cumasc de cheol traidisiúnta na hÉireann agus de stíl eile cheoil.

(iii) Scríobh cuntas ar thraidisiún na hamhránaíochta i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(iv) Scríobh cuntas ar thraidisiún an cheoil rince i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(v) Déan plé ar thraidisiún na mbannaí céilí i gceol traidisiúnta na hÉireann.

Cuir in iúl cén cheist a roghnaigh tú (i) ☐ (ii) ☐ (iii) ☐ (iv) ☐ (v) ☐

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Lean le do fhreagra ar na leathanaigh 15–17 Tosaíonn Ceist 6 ar leathanach 18.*


**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta**

Tá an cheist seo bunaithe ar chúig shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór de na barraí 1–3 priontáilte thíos.**




**(a)** Seinntear an tionlacan sa sliocht seo

- ☐ ar théaduirlisí
- ☐ ar ghaothuirlisí adhmaid
- ☐ ar uirlisí práis

**(b)** Is é an t-amchomhartha atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

- ☐ $\frac{2}{4}$
- ☐ $\frac{3}{4}$
- ☐ $\frac{4}{4}$

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Sainaithin dhá ghné den tionlacan a chloistear sa sliocht seo.

| Gné 1: |
| --- |
| |

| Gné 2: |
| --- |
| |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Cé mhéad lánbharra ceoil atá le cloisteáil san intreoir?

- ☐ 3 bharra
- ☐ 4 bharra
- ☐ 6 bharra

**(f)** Sainaithin dhá ghné den cheol gutha a chloistear sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

**Sliocht 4, a sheinnfear uair amháin eile agus Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(g)** Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol i **Sliocht 4** agus an ceol i **Sliocht 5**.
Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht 1 | |
|---|---|
| Sliocht 4 | Sliocht 5 |
| | |
| | |
| | |
| | |

| Difríocht 2 | |
|---|---|
| Sliocht 4 | Sliocht 5 |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Tá ceithre nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ceol Éisteacht - Croíchúrsa

Déardaoin 20 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00